

## Ábhar

## Aiste a Scríobh

### Mír Éisteachta

**Ciarán Mac Murchaidh, léachtóir le Gaeilge i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, ag labhairt faoin gcomhairle a bheadh aige do mhic léinn agus iad ag tabhairt faoi aiste a scríobh.**

### Léitheoireacht

**Litir as *Foinse*.**

**Le caoinhead ó *Foinse*.**

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



## Aiste a Scríobh

Beidh tú ag éisteacht le Ciarán Mac Murchaidh, léachtóir le Gaeilge i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, ag labhairt faoin gcomhairle a bheadh aige do mhic léinn agus iad ag tabhairt faoi aiste a scríobh.

### Réamhobair

Beidh tú ag obair i ngrúpa. Smaoinígí ar an teideal seo: ‘comhairle agus tú ag scríobh aiste’ agus cuirigí pointí comhairle le chéile faoin teideal.

Pléigh na ceistanna seo:

- Cad is aiste mhaith ann?
- An mbíonn mórán aistí le scríobh agaibhse do bhur gcúrsaí éagsúla léinn? Cad iad na dúshláin a bhaineann le haiste a scríobh?
- Cad iad na laigí is mó a bhíonn ar bhur bpíosaí scríbhneoireachta féin, dar libh?

Cuir Gaeilge ar na frásaí seo agus pléigh an ghramadach atá iontu:

- the essay
- a difficult essay
- the beginning of the essay
- difficult essays
- the results of the essays

### Éisteacht

- Anois éist leis an mír agus déan achoimre ar na pointí comhairle a thugann Ciarán Mac Murchaidh. Cuir do chuid pointí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat. An raibh mórán de na pointí sin luaite agaibh sa chéad phlé a rinne sibh sa tréimhse réamhéisteachta?
- Cén chanúint atá ag an gcainteoir? Conas atá a fhios agat?

### Feasacht Teanga

Féach ar na focail seo as an mír agus ar na focail eile atá cosúil leo ó thaobh litrithe nó fuaimnithe de. An féidir leat iad a chur in abairtí a léireodh an difear eatarthu?

pointe	pionta	
iúl	Iúil	
críoch	i gcrích	
eagar	eagraíocht	eagrú

bunús            bunúsach  
comhairle      i gcomhar le

Féach ar na focail agus na frásaí seo as an mír a bhaineann le canúint ar leith. An bhfuil a fhios agat conas a déarfai i gcanúint eile iad?

- Is minic a chuireann mic léinn ceist orm faoin bhealach is fearr le tabhairt faoi aiste a scríobh.
- Sílim féin gur comhairle iontach maith í...
- Tá sé tábhachtach fosta...
- Ba chóir forbairt agus feoil go bunúsach a chur ar achan pointe...
- ...mar is minic fiú muna bhfuil ann ach 30 bomaite go dtig leis an mhac léinn teacht i dtír ar na botúin a dhéanann sé.

## Léitheoireacht

Bhíodh litir sheachtainiúil rialta ó mhac léinn Ardteiste darb ainm ‘Aindí na hArdteiste’ i gcolún na litreacha i *Foinse* agus scríobhadh sé faoi nithe a bhíodh ag déanamh tinnis dó. Seachtain amháin, áfach, níor scríobh Aindí a cholún agus scríobh ‘Aisling na hArdteiste’ litir ghearáin chuig an nuachtán. Seo thíos an litir. Léigh féin agus an duine in aice leat í agus déanaigi na cleachtaí.

A chara,

Ba mhaith liom gearán a dhéanamh faoi Aindí na hArdteiste. Sílim féin go bhfuil Aindí leisciúil. Ní scríobhann sé alt i *Foinse* gach seachtain. Tagann sé agus imíonn sé ar nós na gaoithe, ar luas lasrach. Bhí mé ar deargbhuile, chomh crosta le mála easóg agus feargach nuair nach raibh colún Aindí sa nuachtán arís an tseachtain seo caite. Ar dtús ba chóir dom mé féin a chur in iúl. Is mise Aisling agus táim cúig bliana déag d’aois. Tá cúigear i mo theaghlach – m’athair, mo mháthair, mo bheirt deirfiúracha, Siobhán agus Póilín agus mé féin. Is í Siobhán an duine is óige, tá sí ceithre bliana d’aois. Tá mé i mo chónaí i Mainistir Bhuithe, Co. Lú. Is í fadhb na dífhostaíochta ceann de na fadhbanna is mó i gCo. Lú. Sílim féin go mbeidh Aindí féin dífhostaithe go luath muna ndéanann sé a chuid oibre. Ach b’fhéidir go bhfuil Aindí faoi strus nó faoi bhrú uafásach nó spíonta caite agus é ag staidéar le haghaidh scrúduithe praiticiúla na hArdteiste. Cinnte déanann rás na bpointí dochar mór don intinn agus don gcorp. Cuirtear brú ar dhaltáí agus uaireanta tosaíonn siad ag ól. Is fadhb mhór í fadhb an óil sa tír seo agus tá an fhadhb seo ag dul in olcas. Feictear páistí chomh hóg le deich mbliana d’aois agus cannaí beorach ina seilbh i bpáirceanna poiblí agus iad ag slogadh astu. Bhuel tá súil agam nach bhfuil Aindí tar éis an trá sin a fhreastal. Inis dom do chuideachta agus inseoidh mise duit cé thú féin. Is é mo thuairimse nó dar liom féin nó is é mo thuairim phearsanta muna mbíonn Aindí ar ais go luath go mbeidh orm féin an colún a scríobh.

Aithníonn ciaróg ciaróg eile!

Le meas,

Aisling Nic an Ríogh, Baile na Páirce, Mainistir Bhuithe, Co. Lú.

Scríobhann Aindí:

Nuair a léigh mé an litir seo tháinig fearg orm. Dar liomsa is í an leisciúlacht fadhb mhór na sochaí seo. Ach ní féidir an dá thrá a fhreastal agus fillfidh an feall ar an bhfeallaire.

### Cleachtadh 1: Plé

- Cad atá mínádúrtha faoin bpiosa scríbhneoireachta seo? Cad iad na lochtanna a gheofá air?
- An bhfuil gá leis na seanfhocail / na nathanna cainte go léir atá sa phíosa seo?
- Dá mbeifeá le comhairle a thabhairt don té a scríobh an ‘litir’ seo faoina stíl scríbhneoireachta, cén chomhairle a thabharfá?
- Ar fhoghlaim tusa sleachta de ghlanmheabhair le scríobh in aistí na hArdteiste? An rud maith é, dar leat?
- An bhfuil difríocht idir an cineál scríbhneoireachta a bhí ort a dhéanamh don Ardteist agus an cineál scríbhneoireachta a dhéanann tú mar chuid den chúrsa seo? Cé acu is deacra?

### Cleachtadh 2: Stíleanna / scileanna scríbhneoireachta

(a) Féach ar na seanfhocail thíos as an litir. Cad a chiallaíonn siad? Cathain a bhainfeá úsáid astu?

- ní féidir an dá thrá a fhreastal
- fillfidh an feall ar an bhfeallaire.
- aithníonn ciaróg ciaróg eile

(b) Féach ar na frásaí seo a leanas i litir Aislinge. Cén locht atá ar an úsáid a bhaineann sí astu?

- ar nós na gaoithe / ar luas lasrach
- ar deargbhuile / chomh crosta le mála easóg / feargach
- faoi strus / faoi bhrú uafásach / spionta caite
- is é mo thuairimse / dar liom féin / is é mo thuairim phearsanta

(c) Cén rud é ‘stíl’ scríbhneoireachta? An bhfuil aon ‘stíl’ scríbhneoireachta a thaitníonn / nach dtaitníonn leatsa?

(d) Féach arís ar an gceist seo a phléigh tú ag tús an tseisiúin – an bhfuil aon rud breise le cur agat leis an bplé anois tar éis obair an ranga?

Cad iad na laigí is mó a bhíonn ar do pháosaí scríbhneoireachta féin, dar leat?

(e) Seo thíos nathanna ar bhain mic léinn úsáid astu i bpíosaí cainte. Níl siad nádúrtha sa chaint, áfach. Féach orthu agus pléigh an fáth a bhfuil siad mínádúrtha.

- bhí spórt agus spraoi ann
- ó mo Dhia!
- tá sceitimíní áthais orm
- tá brón an domhain orm
- áfach is é an rud a tharla
- is é mo thuairim gan amhras ar bith
- bhain mé fíor-sult as

(f) Tasc: Déan anailís ar aiste éigin a scríobh tú mar chuid de do chúrsa i gcomhthéacs an léargais a fuair tú sa rang seo.

## Téipscript

Is minic a chuireann mic léinn ceist orm faoin bhealach is fearr le tabhairt faoi aiste a scríobh agus cé gur comhairle sheanchaite í plean a dhéanamh amach roimh ré sílim féin gur comhairle iontach maith í mar go gciallaíonn sé go mbeidh tús, lár agus críoch agat le do pháosa oibre nuair a bheidh deireadh déanta agat.

Tá sé tábhachtach fosta go gcuirfeá eagar ar do chuid smaointe agus an aiste á cur le chéile agat. Sílim gur leor alt an ceann do gach pointe a dhéanann tú i measc do chuid argóintí ach ba chóir go mbeadh loighic nó ciall ag baint leis an dul chun cinn a dhéanann tú sa tsraith argóintí a dhéanann tú. Sílim gur leor ceithre nó cúig cinn de mhórpheointí i gcorp na haiste. Ba chóir forbairt agus feoil go bunúsach a chur ar achan phointe de na cinn sin atá i lár na haiste. Agus ar deireadh thiar ansin ba cheart go ndéanfá críoch láidir a chur le do pháosa.

Uaireanta cuireann mic léinn ceist orm faoi nathanna cainte agus faoi sheanfhocail a úsáid agus an chomhairle a chuirfinn ar mhic léinn sa chás seo ná gan nathanna cainte nó seanfhocail a úsáid ar mhaithe go díreach len iad a úsáid. Sílim gur chóir nathanna cainte nó seanfhocail a úsáid a luífidh leis an argóint atá á dhéanamh ag an mac léinn nó a chuirfeadh saibhreas na teanga in iúl don scrúdaitheoir. Go minic ceann de na rudaí a ndéanann mic léinn dearmad air a dhéanamh ag deireadh na haiste ná an aiste a léamh siar, agus tá sé sin tábhachtach nó is féidir le mic léinn teacht ar na botúin ghramadaí atá déanta acu agus b'fhéidir aon mhír a bhaineann le ciall na hargóna i rith na haiste.

Sílim féin gur cheart bearna a fhágáil idir scríobh na haiste agus athléamh na haiste mar is minic fiú muna bhfuil ann ach 30 bomaite go dtig leis an mhac léinn teacht i dtír ar na botúin a dhéanann sé nó sí ar bhealach i bhfad níos éifeachtaí agus tá sé sin le moladh. Agus má dhéanann tú cur chuige mar sin nó má leanann tú cur chuige mar sin ba chóir ar deireadh go mbeadh páosa ceart scríofa agat agus ciall, loighic agus saibhreas ag baint le d'iarracht.